# Taibhealaíona agus Traidisiúin Bhéil na Gaeilge

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

## Sruth MA Nua-Ghaeilge do Scoláirí Cruthaitheacha in Ollscoil Mhá Nuad

An tOireachtas 125 bliain







An ceoltóir tú?

An amhránaí tú?

An aisteoir tú?

An damhsóir tú?

An cumadóir tú?

An scríbhneoir tú?

**An raibh a fhios agat gur féidir leat a bheith ag amhrán, ag seinnt ceoil, ag damhsa, ag aisteoireacht, nó i mbun ceapadóireachta mar chuid lárnach de do chúrsa MA sa Nua-Ghaeilge?**

**Bhuel, is féidir!**

**Is cúrsa nuálach MA é seo atá oiriúnach d'ealaíontóirí traidisiúnta agus comhaimseartha uile na Gaeilge agus na Gaeltachta**

*Scoláireachtaí ar fáil*

**Tuilleadh eolais:**
triona.nishiochain@mu.ie

**Físeán faoin gcúrsa:**
https://tinyurl.com/2s48p7tu

## *Cúrsa do Scoláirí Cruthaitheacha*

Is cúrsa é seo dóibh siúd ar mian leo speisialtóireacht sa chleachtas cruthaitheach agus speisialtóireacht sa Ghaeilge a fhorbairt in éineacht.

Mar chuid de d'fhorbairt phearsanta mar ealaíontóir agus mar scoláire, is féidir leat togra sa taighde ealaíonta a dhéanamh in ionad tráchtais, inar féidir leat a bheith i mbun amhránaíochta, i mbun ceoil, i mbun damhsa, i mbun ceapadóireachta, nó i mbun aisteoireachta. Fáiltítear roimh gach saghas ealaíontóra, idir thraidisiúnta agus chomhaimseartha, ar an gcúrsa seo.

Ina theannta seo, is féidir leat socrúchán oibre a dhéanamh leis an Oireachtas chun cur le do chuid scileanna proifisiúnta in earnáil na n-ealaíon Gaeilge.

Is féidir leat féile sna healaíona Gaeilge agus Gaeltachta a dhearadh, a eagrú, agus a chomhstiúrú i gcomhpháirt le do chomhscoláirí mar chuid d'obair chúrsa an MA.

Beidh deis agat chomh maith páirt a ghlacadh sa tionól nuálach ealaíonta, *Taighde Dána*, a bhíonn á reáchtáil gach Deireadh Fómhair.

# *Struchtúr an Chúrsa*

Sa chúrsa seo, beidh deis agat modúil chruthaitheacha a dhéanamh inar féidir leat do chleachtas cruthaitheach féin a chur chun cinn ar bhonn praiticiúil, agus beidh deis agat modúil lárnacha teanga a dhéanamh a chabhróidh leat scileanna Gaeilge d'ardchaighdeán a fhorbairt. Déanfaidh tú modúil mhodheolaíochta ina mbuailfidh tú le mic léinn eile atá ag gabháil do na sruthanna MA eile ar an gcúrsa, agus beidh deis agat 10 gcreidiúint de mhodúil roghnacha a thógaint chomh maith. il roghnacha a thógaint chomh maith.

**Modúil Chruthaitheacha**
**(50 creidiúint ar fad)**

NG636 Taighde Dána: Taibhealaíona agus Traidisiúin Bhéil na Gaeilge (Seimeastar 1, 10 gcreidiúint)

NG635 Féile Bheag (Seimeastar 1 AGUS Seimeastar 2, 10 gcreidiúint)

NG637 Togra sa Taighde Ealaíonta
NÓ NG699 Tráchtas (an bhliain ar fad, 30 creidiúint)

**Modúil Lárnacha Teanga agus Modheolaíochta**
**(30 creidiúint ar fad)**

NG628 An Ghaeilge Scríofa (Seimeastar 1, 10 gcreidiúintí)

NG629 Cruinneas agus Ceart na Gaeilge (Seimeastar 2, 10 gcreidiúintí)

NG606 Modheolaíocht 1
(Seimeastar 1, 5 chreidiúint)

NG616 Modheolaíocht 2
(Seimeastar 2, 5 chreidiúint)

**Liosta Fairsing de Mhodúil Roghnacha óna roghnaítear 10 gcreidiúint ar fad**

ALIS627 Language Endangerment and Revitalisation (10)

MD631 Writing for Screen Media (10)

MU672 Critical Approaches to Irish Traditional Music (10)

MU612a Sound Recording Techniques (10)

NG609 Ceird an Aistriúcháin (5)

NG623 Béaloideas na Gaeilge agus Coimisiún Béaloideasa Éireann (5)

NG626 Eagrú agus Eagarthóireacht (5)

NG630 An Ghaeilge sna Meáin ó 2RN go dtí an Ré Dhigiteach (10)

NG631 An Scríbhneoireacht Ghairmiúil (10)

NG632 An Nua-Ghaeilge Mhoch agus Traidisiún na Lámhscríbhinní (10)

NG633 Litríocht Chomhaimseartha na Gaeilge (10)



# *Deiseanna Scoláireachta*

Scoláireacht an Oireachtais
Luach: €3000
Spriocl á: 01 Lúnasa 2024
Tuilleadh eolais: triona.nishiochain@mu.ie NÓ nua.ghaeilge@mu.ie

Scoláireacht na Máistreachtaí Múinte in Ollscoil Mhá Nuad
Luach: €2000
Spriocl á: 30 Meitheamh 2024
Tuilleadh eolais: https://tinyurl.com/3vhh9rrz

# *Sprioclá d'iarratais MA*

30 Meitheamh 2024
Iarratais ar líne amháin: http://www.pac.ie/maynoothuniversity
Lánaimseartha: MHU50
Páirtaimseartha: MHU51
Tuilleadh eolais: triona.nishiochain@mu.ie NÓ nua.ghaeilge@mu.ie

